Ard-Mhúsaem na hÉireann
National Museum of Ireland



Dún Uí Choileáin
Baile Átha Cliath 7



Sráid Chill Dara
Baile Átha Cliath 2



Páirc Thurlaigh
Co. Mhaigh Eo



Sráid Mhuirfean,
Baile Átha Cliath 2

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024

1. RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA GCOMHALTAÍ BOIRD .............................. 16
**1.1 Rialachas** .......... 16
**1.2 Freagrachtaí an Bhoird** .......... 16
**1.3 Struchtúr an Bhoird** .......... 17
1.3.1 An Coiste Rialachais, Iniúchóireachta agus Riosca .......... 17
1.3.2 Coiste Comhairleach Ginearálta Poiblí. .......... 17
1.3.3 An Coiste Caipitil agus Eastát. .......... 17
1.3.4 Coiste Cumarsáide agus Forbartha .......... 17
**1.4 Comhaltaí Boird Príomhathruithe Pearsanra** .......... 18
**1.5 Sceideal Tinrimh agus Costais Chomhaltaí an Bhoird** .......... 18
**1.6 Nochtadh a éilítear le Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)** .......... 19
1.6.1 Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe .......... 19
1.6.2 Costais Sainchomhairleoireachta .......... 19
1.6.3 Saincheisteanna Dlí agus Nithe Conarthacha .......... 19
**1.7 Caiteachas Taistil agus Cothabhála** .......... 20
**1.8 Ráiteas faoi Chomhlíonadh** .......... 20
2. RÁITEAS AR RIALUITHE INMHEÁNACHA .......... 21
**2.1 Réim Freagrachta** .......... 21
**2.2 Aidhm an Chórais Rialaithe Inmheánaigh** .......... 21
**2.3 Cumas chun Riosca a Láimhseáil** .......... 21
**2.4 Soláthar** .......... 21
**2.5 Athbhreithniú ar Éifeachtacht** .......... 22
3. TUAIRISC AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE .......... 23
3.1 Litir an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste .......... 23
3.2 Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste .......... 24
4. **RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM COINNITHE** .......... 25
5. **RÁITEAS FAOI IONCAM CUIMSITHEACH** .......... 26
6. **RÁITEAS MAIDIR LEIS AN STAID AIRGEADAIS** .......... 27
**7. RÁITEAS AR SHREAFAÍ AIRGEADAIS** .......... 28
**8. NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS** .......... 17
8.1 Beartais Chuntasaíochta .......... 17
8.2 Ioncam ón Oireachtas .......... 20
8.3 Ioncam & Caiteachas Miondíola .......... 20
8.4 Ár nAcmhainní Féin .......... 21
8.5 Ioncam Eile .......... 21
8.6 Costais Riaracháin Eile .......... 22
8.7 Costais éadála, bainistíochta agus taispeána bailiúchán .......... 22
8.8 Áitribh .......... 23
8.9 Cuntas Caipitil .......... 24

8.10 Maoin, Gléasra & Trealamh ........ 24
8.11 Infháltais ........ 25
8.12 Nithe Iníoctha ........ 25
**8.13 Ceangaltais Léasa** ........ 25
8.14 27
8.15 Costais Sochair Scoir ........ 28
8.16 Fardal Miondíola ........ 29
**8.17. Sócmhainní Oidhreachta** ........ 29
8.18 Soláthar i gcomhair Éileamh ........ 31
8.19 Teagmhais ........ 31
8.20 Imeachtaí i ndiaidh na tréimhse tuairiscithe ........ 31
8.21 Faisnéisiú Páirtithe Gaolmhara ........ 32
8.22 Na ráitis airgeadais a fhaomhadh ........ 32

## 1. RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA gCOMHALTAÍ BOIRD

### 1.1 Rialachas

Bunaíodh Bord Ard-Mhúsaem na hÉireann faoin Acht um Fhorais Chultúrtha Náisiúnta 1997, agus cuireadh tús leis mar chomhlacht neamhspleách i mBealtaine 2005. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in alt 11 den Acht seo. Tá an Bord freagrach don Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú, agus comhlíonann sé an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach príomhcheist gnó. Tá an Stiúrthóir agus an Fhoireann Ardbhainistíochta freagrach as bainistíocht laethúil, rialú agus stiúradh Ard-Mhúsaem na hÉireann. Caithfidh an Stiúrthóir agus an Fhoireann Bhainistíochta Shinsearach an treoir leathan straitéiseach atá leagtha síos ag an mBord a leanúint, agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an Bhoird ar na príomhghníomhaíochtaí agus na cinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an Stiúrthóir mar nasc idirchaidrimh díreach idir an Bord agus Bainistíocht Shinsearach Ard-Mhúsaem na hÉireann. Is Carthanas cláraithe é Ard-Mhúsaem na hÉireann. Uimhir Charthanachta na hÉireann 20072612, uimhir Ioncaim Carthanachta na gCoisiméinéirí Ioncaim CHY18764.

### 1.2 Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) ina bhfuil na hábhair atá forchoimeádta go sonrach le haghaidh chinneadh an Bhoird.

I measc na mbuan-mhíreanna a mheasann an Bord tá:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha feidhmíochta, agus
- nithe forchoimeádta.

Ceanglaítear le hAlt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997 ar Bhord Ard-Mhúsaem na hÉireann, a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, gach cuntas is cuí agus is gnách ar airgead a gheobhaidh sé agus a chaithfidh sé.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord Ard-Mhúsaem na hÉireann:

- beartais chuntasaíochta fheiliúnacha a roghnú agus iad a chuir i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí a thoimhdiú go leanfaidh sé de bheith ag feidhmiú, agus
- a shonrú ar leanadh de na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon difríochtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta imleor a choinneáil, a nochtann, le cruinneas réasúnta ag aon tráth, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997. Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais, atá inrochtana don phobal trí shuíomh Gréasáin Ard-Mhúsaem na hÉireann.

Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus an buiséad a cheadú. Pléadh agus faomhadh an plean bliantúil don bhliain 2024 agus an buiséad don bhliain 2024 ar an 8 Feabhra 2024. Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus ar an ábhar sin, ní mór dó bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Cuireadh tús le measúnú seachtrach ar an mBord i Ráithe 4 2024 agus tá sí ar siúl fós i Ráithe 1 2025. Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais Ard-Mhúsaem na hÉireann léargas fíor agus cothrom ar an bhfeidhmíocht airgeadais agus ar an staid airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024.

### 1.3 Struchtúr an Bhoird

Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus cúigear déag gnáthchomhalta, agus is é an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán a cheapann gach duine acu. Bhí dhá phost gnáthchomhalta fós folamh sa bhliain 2024. Tháinig an Bord le chéile seacht n-uaire sa bhliain 2024.

Tá na comhaltaí Boird comhdhéanta de:

| Comhalta Boird | Téarma | Comhalta Boird | Téarma |
|---|---|---|---|
| Ambrose Loughlin | 01 Ean -31Noll24 | Iseult Dunne | 01 Ean -31Noll24 |
| Barra O'Donnabhain | 01 Ean -31Noll24 | John R Bowen | 01 Ean -31Noll24 |
| Beatrice Kelly | 01 Ean -31Noll24 | Marianne Doyle | 01 Ean -31Noll24 |
| Cathal O'Donoghue (Cathaoirleach) | 01 Ean -31Noll24 | Rowena Neville | 01 Ean -31Noll24 |
| Ciaran Byrne | 01 Ean -31Noll24 | Susan Rogers | 01 Ean -31Noll24 |
| Claudia Kinmonth | 01 Ean -31Noll24 | Suzanne Costello | 01 Ean -31Noll24 |
| Geraldine Sheridan | 01 Ean -31Noll24 | Folamh | |
| Helen Shenton | 07 Samh - 31Noll24 | Folamh | |

**Tá ceithre choiste bunaithe ag an mBord mar seo a leanas:**

1.3.1 An Coiste Rialachais, Iniúchóireachta agus Riosca: ar a bhfuil beirt chomhaltaí Boird agus beirt chomhaltaí seachtracha. Is é ról an Choiste Rialachais, Iniúchta agus Riosca (RIR) ná tacú leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí maidir le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus maidir le dearbhú gaolmhar. Tá an RIR neamhspleách ó lucht bainistíochta airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, áirithíonn an RIR go ndéantar faireachán gníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta, chomh maith le bainistíocht riosca. Tá maoirseacht ag an RIR freisin ar chúrsaí acmhainní daonna ag Ard-Mhúsaem na hÉireann. D'éirigh Cathal Ó Donnchú as a phost mar Chathaoirleach agus ceapadh Ciarán Byrne ina Chathaoirleach ar an 08 Feabhra 2024. D'éirigh Michael O'Sullivan (comhalta seachtrach) as a phost mar chomhalta de choiste RIR ar an 21 Bealtaine 2024 agus bhí an post fós folamh ag deireadh na bliana. Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí triúr comhaltaí RIR ann: Ciarán Byrne (Cathaoirleach), Marianne Doyle, agus Emma Cuddihy (comhalta seachtrach). Bhí seacht gcruinniú RIR ann le linn na bliana 2024.

1.3.2 Coiste Comhairleach Ginearálta Poiblí: ar a bhfuil cúigear comhaltaí Boird agus triúr comhaltaí seachtracha Is é seo an t-aon Choiste a cheanglaítear go sonrach faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997 (Alt 23) agus tugtar sainchúram dó gach gné a bhaineann le bailiúcháin agus le foghlaim lena n-áirítear éadáil, cúram, doiciméadú, taispeántais, digitiú agus foilsiú. Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí comhaltaí an Choiste Chomhairligh Ghinearálta Phoiblí (GPAC) comhdhéanta de Barra Ó Donnabháin (Cathaoirleach), John R. Bowen, Beatrice Kelly, Claudia Kinmonth, Geraldine Sheridan, Wayne Modest (comhalta seachtrach), Richard Mc Elligott (comhalta seachtrach) agus Dáibhí Ó Cróinín (comhalta seachtrach) a d'éirigh as a phost mar chomhalta de choiste GPAC ar an 25 Eanáir 2024 agus a bhí an post fós folamh ag deireadh na bliana. Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí cúigear Comhaltaí Boird agus beirt chomhaltaí seachtracha ar an gcoiste seo. Tionóladh sé chruinniú de chuid GPAC sa bhliain 2024.

1.3.3 An Coiste Caipitil agus Eastát: tá sé comhdhéanta de bheirt chomhaltaí Boird agus beirt chomhaltaí seachtracha. Is éard atá i gceist leis an gCoiste Caipitil agus Eastát ná maoirseacht a chur ar fáil ar thionscadail chaipitiúla AMÉ, TF - tionscadail bonneagair ghaolmhara agus plean AMÉ i leith an athraithe aeráide. Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí John R Bowen (Cathaoirleach), Helen Shenton, Donagh Morgan (comhalta seachtrach) agus Paul Nolan (comhalta seachtrach) ar an gCoiste. Tionóladh ceithre chruinniú den Choiste sa bhliain 2024.

1.3.4 Tá cúigear comhaltaí Boird agus comhalta seachtrach amháin ar an gCoiste Cumarsáide agus Forbartha. Is é ról an Choiste Cumarsáide ⁊ Forbartha ná maoirseacht a dhéanamh ar réimsí rannpháirtíochta lucht féachana agus pobail, forbairt páirtithe leasmhara agus forbairt tráchtála agus miondíola, foireann agus forbairt eagraíochtúil Ard-Mhúsaem na hÉireann agus aitheantas agus branda Ard-Mhúsaem na hÉireann. Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí comhaltaí an Choiste Cumarsáide agus Forbartha comhdhéanta de Iseult Dunne (Cathaoirleach), Suzanne Costello, Gerladine Sheridan, Rowena Neville, Susan Rogers, agus Thomas Kador (comhalta seachtrach). Bhí trí chruinniú den Choiste ann in 2024.

### 1.4 Comhaltaí Boird Príomhathruithe Pearsanra

Ar an 19 Samhain 2024, ceapadh Barney Whelan (comhalta seachtrach) agus Kieran Dowdall (ionadaí foirne) ar feadh téarmaí cúig bliana. Athcheapadh Helen Shenton mar chomhalta Boird ar an 7 Samhain 2024. D'éirigh Ambrose Loughlin as a phost mar chomhalta de Bhord an Ard-Mhúsaeim ar an 8 Eanáir 2025.

### 1.5 Sceideal Tinrimh agus Costais Chomhaltaí an Bhoird

Tá sonraí na gcostas taistil in Éirinn agus cothabhála a íocadh le/thar ceann chomhaltaí Boird agus na cruinnithe ar fhreastail siad orthu le linn na bliana 2024 liostaithe thíos:

| Líon Iomlán na gCruinnithe a Tionóladh | 2024 | 7 | 7 | 6 | 4 | 3 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ball an Bhoird:** | **2024 Costas €** | **Cruinnithe Boird** | **Rialtas, Iniúchadh & Riosca** | **GPAC** | **Caipiteal & Eastáit** | **Cumarsáid 7 Forbairt** |
| Ambrose Loughlin | - | 7 | 1 | - | - | - |
| Barra O'Donnabhain | - | 5 | - | 6 | - | - |
| Beatrice Kelly | 369 | 5 | - | 6 | - | - |
| Cathal O'Donoghue | 240 | 7 | - | - | - | - |
| Ciarán Byrne | 351 | 7 | 7 | - | - | - |
| Claudia Kinmonth | 1,192 | 6 | - | 5 | - | - |
| Geraldine Sheridan | - | 6 | - | 5 | - | 3 |
| Helen Shenton | - | 3 | - | - | 4 | - |
| Iseult Dunne | 143 | 4 | - | - | - | 2 |
| John R Bowen | 283 | 7 | - | 2 | 4 | - |
| Marianne Doyle | 105 | 6 | 4 | - | - | - |
| Rowena Neville | 160 | 7 | - | - | - | 3 |
| Suzanne Costello | - | 6 | - | - | - | 2 |
| Susan Rogers | 39 | 7 | - | - | - | 3 |
| **Iomlán in Euronna** | **2,882** | | | | | |

Íocadh €2,882 san iomlán le haghaidh costais le Comhaltaí Boird a d'fhreastail ar Chruinnithe Boird agus Coiste sa bhliain 2024 Níor íocadh aon táillí le comhaltaí Boird le linn na bliana 2024.

Tabhaíodh €1,357 (2023: €1,672) mar chostais eile a bhain le cruinnithe chomhaltaí an Bhoird le linn na bliana 2024. Anuas air sin, aithníodh €680 den chaiteachas sin laistigh den nóta ar Chaiteachas Taistil agus Liúntais Chothaithe ar leathanach 8.

Chomh maith leis na cruinnithe foirmiúla Boird agus Coiste a liostaítear thuas, d'fhreastail na comhaltaí Boird ar roinnt cruinnithe eile a bhain le gnó an Mhúsaeim, agus baineann cuid de na speansais a liostaítear thuas leis na cruinnithe sin.

## 1.6 Nochtadh a éilítear le Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon Ard-Mhúsaem na hÉireann ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), faoi mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilíonn an Cód na nochtuithe seo a leanas.

### 1.6.1 Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe os cionn €60,000 a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

| Raon sochar iomlán na bhfostaithe ag deireadh na bliana | | Líon na bhFostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Raon Ó** | **Raon Go** | **2024** | **2023** |
| € 60,000 - | € 69,999 | 15 | 13 |
| € 70,000 - | € 79,999 | 12 | 10 |
| € 80,000 - | € 89,999 | 13 | 8 |
| € 90,000 - | € 99,999 | 6 | 5 |
| €100,000 - | €109,999 | 3 | 0 |
| €110,000 - | €119,999 | 2 | 1 |
| €120,000 - | €129,999 | 1 | 2 |
| €130,000 - | €139,999 | - | 1 |
| €140,000 - | €149,999 | 1 | - |

Tabhair do d'aire: Chun críocha an nochta seo, áirítear ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre, agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí, ach ní áirítear leo ÁSPC an fhostóra. Tá líon na bhfostaithe liostaithe mar choibhéis lánaimseartha.

### 1.6.2 Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear le costais chomhairleoireachta costas comhairle sheachtrach don Bhainistíocht Shinsearach agus ní áirítear leo feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách'.

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| **Costais Sainchomhairleoireachta** | **€** | **€** |
| Comhairle Dlí | 30,134 | 28,355 |
| Comhairle Airgeadais | 188,211 | 115,374 |
| Cumarsáid & Margaíocht | 87,725 | 99,738 |
| Acmhainní Daonna | 26,267 | 4,898 |
| Feabhsú Gnó | 286,876 | 346,732 |
| **Costais Chomhairliúcháin - a cuireadh de mhuirear ar an ráiteas Ioncaim agus Caiteachais** | **619,213** | **595,097** |

### 1.6.3 Saincheisteanna Dlí agus Nithe Conarthacha

Sa tréimhse tuairiscithe, aithníodh nialas mar chostais dlí, (2023: €Nialas). Sa bhliain 2024, bhain na costais sin le socraíochtaí agus le himeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis seo caiteachas a tabhaíodh i ndáil le comhairle dlí ghinearálta a fuair Ard-Mhúsaem na hÉireann, a nochtar i gcostais Chomhairliúcháin thuas.

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| **Táillí Dlíthiúla** | **€** | **€** |
| Táillí Dlí – Imeachtaí Dlí | - | - |
| Socraíochtaí (An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát – Gluaiseacht sa Soláthar) | 217,074 | 157,610 |

| | | |
|---|---|---|
| **Iomlán na dTáillí Dlíthiúla** | **217,074** | **157,610** |

## 1.7 Caiteachas Taistil agus Cothabhála

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| **Déantar Taisteal agus Cothú a chatagóiriú mar a leanas** | | **€** | **€** |
| Taisteal Baile | An Bord | 2,882 | 5,005 |
| Taisteal Baile | Fostaithe | 110,802 | 95,760 |
| Taisteal Idirnáisiúnta | An Bord | - | - |
| Taisteal Idirnáisiúnta | Fostaithe | 40,219 | 47,708 |
| **Taisteal agus Cothú Iomlán** | | **153,903** | **148,473** |

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| **Caiteachais Fáilteachais** | | **€** | **€** |
| An Bord | Fáilteachas* | 680 | 314 |
| Baill foirne | Fáilteachas | 55,783 | 35,317 |
| Nach mbaineann leis an bhFoireann | Fáilteachas | 15,809 | 39,899 |
| **Fáilteachas Iomlán** | | **72,272** | **75,530** |

*Áirítear ar Fháilteachas an Bhoird costais sólaistí agus lónadóireachta maidir le cruinnithe Boird agus Coistí eile ar fhreastail comhaltaí Boird orthu i rith na bliana. Reáchtáiltear cruinniú amháin an Bhoird gach bliain i Músaem Shaol na Tuaithe, Teach Pháirc Thurlaigh. Áirítear le Fáilteachas Foirne na costais a bhaineann le hoiliúint foirne agus ceardlanna foirne a reáchtáiltear i láithreáin uile an mhúsaeim.

## 1.8 Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Chomhlíon Ard-Mhúsaem na hÉireann ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, mar a d’fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016, ach amháin sna heisceachtaí seo a leanas:

Tar éis athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha, d'aithin an Músaem roinnt saincheisteanna a ardaíodh sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach, agus go háirithe maidir le laigí i réimsí na gCóras Bainistíochta Riosca. Tugadh nósanna imeachta isteach chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo agus cuireadh le chéile iad le linn na bliana 2024.

Thar ceann an Bhoird

| | |
|---|---|
| Cathaoirleach an Bhoird | Comhalta Boird |
| An tOllamh Cathal O’Donoghue | Ciaran Byrne |
| Dáta: 19 Meitheamh 2025 | Dáta: 19 Meitheamh 2025 |

## 2. RÁITEAS AR RIALUITHE INMHEÁNACHA

### 2.1 Réim Freagrachta

Thar ceann Ard-Mhúsaem na hÉireann, admhaím freagracht an Bhoird as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a choinneáil agus a fheidhmiú. Curtha san áireamh sa bhfreagracht sin tá riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

### 2.2 Aidhm an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas deireadh a chur leo ar fad. Mar sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, i bhfeidhm in Ard-Mhúsaem na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 agus suas go dáta faofa na ráiteas airgeadais, mar a leagtha amach i gcuid 1.8 thuas.

### 2.3 Cumas chun Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Rialachais, Iniúchóireachta agus Riosca (RIR) ag Ard-Mhúsaem na hÉireann ar a bhfuil beirt chomhaltaí Boird, duine amháin acu ina Chathaoirleach, agus comhalta seachtrach amháin ag a bhfuil saineolas rialachais. Tháinig an RIR le chéile seacht n-uaire sa bhliain 2024. Bhí dhá phost ar RIR folamh (comhalta seachtrach amháin agus comhalta Boird amháin) amhail an 31 Nollaig 2024.

Sa bhliain 2023, cuireadh tús le hathbhreithniú ar an gcreat bainistíochta riosca. Rinneadh struchtúr agus leagan amach an Chláir Riosca Chorparáidigh a athbhreithniú agus a uasdátú chun cabhrú leis an gcaoi a ndéantar rioscaí fadtéarmacha a aithint agus a bhainistiú. Críochnaíodh an t-athbhreithniú ar an gcreat riosca foriomlán, lena n-áirítear an t-athbhreithniú ar an mBeartas Bainistíochta Riosca, in R1 2024. Lean leis an bhFoireann Riosca Sinsearach athbhreithniú agus maoirseacht a dhéanamh ar an gcreat bainistíochta riosca, ag cruinniú go ráithiúil nó nuair atá sé riachtanach, chun aon rioscaí atá ag teacht chun cinn a aithint agus chun maoluithe a bhainistiú. Rinneadh an clár riosca corparáideach a athbhreithniú agus a fhaomhadh ag gach cruinniú den RIR.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag Ard-Mhúsaem na hÉireann freisin, a bhfuil dóthain acmhainní aici, agus a reáchtálann clár oibre arna chomhaontú leis an RIR.

Déantar an Clár Riosca Corparáideach a athbhreithniú agus a fhaomhadh ag gach cruinniú den RIR.

***Creat Riosca agus Rialaithe***

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialúcháin i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid di:

- tá nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe;
- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist;
- tá córas cuí buiséadaithe ann le buiséad bliantúil a ndéanann lucht bainistíochta sinsearach athbhreithniú rialta air;
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a áirithiú, agus
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

### 2.4 Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Ard-Mhúsaem na hÉireann chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha maidir le soláthar.

## 2.5 Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag Ard-Mhúsaem na hÉireann chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht agus rialú riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú Ard-Mhúsaem na hÉireann ar éifeachtacht an chórais inmheánaigh um rialú airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Rialachais, Iniúchta agus Riosca, a dhéanann maoirsiú ar a gcuid oibre, agus an lucht bhainistíochta sinsearach laistigh d'Ard-Mhúsaem na hÉireann atá freagrach as forbairt agus as cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2024. Rinne Cruinniú Bhord Ard-Mhúsaem na hÉireann, a reáchtáladh ar an 24 Aibreán 2025, athbhreithniú ar a éifeachtacht agus níor tugadh faoi deara aon drochthorthaí.

Tá AMÉ ag leanúint ar aghaidh le Plean um Leanúnachas Gnó agus Athshlánú Tubaiste TF a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, déanfar beartas Rochtana agus Ceadanna Úsáideoirí TF a dhoiciméadú, agus tá slándáil VPN deimhniú-bhunaithe curtha i bhfeidhm ag Ard-Mhúsaem na hÉireann.

Bhí tionchar ag gníomhaíochtaí nua, ag ath-thosaíocht oibre agus ag brú chun seirbhísí a sholáthar ar oibríochtaí agus ar fhoireann Ard-Mhúsaem na hÉireann. Tá na rioscaí measúnaithe, doiciméadaithe ar an gClár Rioscaí agus tá bearta maolaithe curtha i bhfeidhm. Tá monatóireacht leanúnach á déanamh ar na rioscaí agus na gníomhartha riachtanacha. Rinne an bord measúnú ar na dúshláin dá bharr maidir le rialuithe inmheánacha éifeachtacha a choinneáil, agus treoir á cur san áireamh a d'eisigh Institiúid Chairte na nIniúchóirí Inmheánacha agus Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Ghlac an Coiste Rialachais Iniúchóireachta agus Riosca Athbhreithniú ar na Córais Rialaithe Inmheánaigh 2024 ag a chruinniú ar an 8 Aibreán 2025.

Thar ceann an Bhoird

__________________________

**Cathaoirleach an Bhoird**
An tOllamh Cathal O'Donoghue

Dáta: 19 Meitheamh 2025

# 3. TUAIRISC AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

## 3.1 Litir an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### Ard-Mhúsaem na hÉireann

#### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráiteas airgeadais Ard-Mhúsaem na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 mar a cheanglaítear faoi fhoráil alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997. Sna ráitis airgeadais, tá

- An ráiteas ioncam agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim coinnithe
- Ráiteas faoi ioncam cuimsitheach
- an ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- An ráiteas ar shreafaí airgeadais, agus
- Na nótaí bainteacha, lena n-áirítear achoimre ar pholasaithe suntasacha cuntasaíochta.

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Ard-Mhúsaem na hÉireann amhail an 31 Nollaig 2024 agus léargas fíor agus cothrom ar a ioncam agus caiteachas don bhliain 2024 de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 - *an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.*

#### *An bunús leis an tuairim*

Rinne mé m'iniúchóireacht ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchta (ISAnna) de réir mar a cuireadh i bhfeidhm ag Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Ard-Mhúsaem na hÉireann agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán sin.

Creidim go bhfuil fianaise na hiniúchóireachta dóthanach agus cuí chun bunús a leagan síos do mo thuairim.

#### Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ghnóthaí eile

Chuir Ard-Mhúsaem na hÉireann faisnéis áirithe eile i láthair mar aon leis na ráitis airgeadais. Comhdhéanann sé sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil na gcomhaltaí Boird, agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos in aguisín na tuarascála seo mo chuid freagrachtaí chun tuairisc a dhéanamh maidir le faisnéis den sórt sin, agus maidir le cúrsaí áirithe eile ar a dtugaim tuairisc ar m'eisceacht.

Níl aon rud agam le tuairisciú maidir leis sin.

**Paula O'Connor**
**Ar son agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**26 Meitheamh 2025**

## 3.2 Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

#### Freagrachtaí Bhaill an Bhoird

Leagtar amach sa ráiteas rialachas agus i dtuarascáil bhaill an Bhoird, freagrachtaí bhaill an Bhoird as

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 35 den Acht um Fhoras Chultúrtha Náisiúnta, 1997
- ag déanamh cinnte go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de réir FRS102
- minicíocht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil úsáid bhonn ghnóthais leantaigh na cuntasaíochta iomchuí, agus
- tá gá lena leithéid de rialú inmheánach a chinneann siad le gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíthuairisc ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

#### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá sé de dhíth orm faoi Alt 35 den Acht um Fhoras Chultúrtha Náisiúnta, 1997, iniúchóireacht a dhéanamh ar ráitis airgeadais Ard-Mhúsaem na hÉireann agus tuarascáil a dhéanamh faoi chuig Tithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir a bhaineann leis an iniúchóireacht a dhéanamh ná cinnteacht réasúnta a bhailiú faoi ráitis airgeadais ná cé acu a bhfuil siad saor ó mhíthuairisc ábhartha mar gheall ar chalaois nó earráid. Is ionann cinnteacht réasúnta agus ardleibhéal cinnteachta, ach ní dearbhú é go dtiocfaidh iniúchóireacht de réir ISAnna ar mhíthuairisc ábhártha i gcónaí nuair atá ceann ann. Is féidir míthuairiscí a theacht chun cinn ó chalaois nó earráid agus breathnaítear orthu mar ábhartha má, leo féin nó sa chomhiomlán, d'fhéadfaí a bheith ag súil go n-imreoidh siad tionchar ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchóireacht de réir na ISAnna, úsáidim breithiúnas proifisiúnta agus coinním amhras proifisiúnta tríd an iniúchóireacht ar fad. Agus é sin a dhéanamh,

- Déanaim rioscaí míthuairisce ábhartha ar na ráitis airgeadais a aithint agus a mheas, cé acu a bhfuil siad mar thoradh ar chalaois nó earráid: déanaim na nósanna imeacht iniúchóireachta ar na rioscaí sin a dhearadh agus a chur i gcrích; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá dóthanach agus cuí chun bonn a chur le mo thuairim. Tá an riosca nach mbrathfar míthuairisc ábhartha mar gheall ar chalaois nios airde ná míthuairisci a thagann ó earráid, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífháisnéis, nó an rialú inmheánach a shárú a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchóireacht chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá cuí sa chúinsí, ach ní chun críche tuairim a thabhairt ar éifeachtach na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus ar réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus nochtuithe gaolmhara.
- Cinnim ar oiriúnacht úsáid bhonn ghnóthais leantaigh na cuntasaíochta agus, bunaithe ar fhianaise na hiniúchóireachta a fuarthas, ar cé acu a bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas Ard-Mhúsaem na hÉireann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, tá sé de dhíth orm m'aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, má tá na nochtuithe sin easnamhach, mo thuairim a athrú. Tá mo chuid conclúidí bunaithe ar fhianaise na hiniúchóireachta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo deireadh a chur le hArd-Mhúsaem na hÉireann a leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, áfach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cé acu an ndéanann na ráitis airgeadais ionadaíocht do na bunidirbhearta agus imeachtaí ar bhealach a bhaineann cur i láthair cothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá i gceannas ar rialachas, i measc cúrsaí eile, an scóip beartaithe agus tráthúlacht na hiniúchóireachta agus torthaí suntasacha na hiniúchóireachta, lena n-áirítear aon easnamh suntasach sa rialú inmheánach a aithním le linn na hiniúchóireachta.

Tuairiscím trí eisceacht más rud é, i mo thuairim,

- nach bhfuil an t-eolas agus na míniúcháin ar fad faighte agam don iniúchóireacht,
- ní raibh na taifid cuntasaíochta shuntasacha chun na ráitis airgeadais a cheadú iniúchóireacht gan mhoill agus chuí a dhéanamh orthu, nó
- níl na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim sna ráitis airgeadais an t-eolas eile a chuirtear ar fáil leis na ráitis sin, agus léirím aon chineál conclúide cinnteachta, as sin amach.

Maidir le m'iniúchóireacht ar na ráitis airgeadais, tá sé de dhíth orm faoi na ISAnna, an t-eolas eile a chuirtear ar fáil a léamh agus, leis sin a dhéanamh, é a mheas cé acu a bhfuil an t-eolas eile neamhsheasmhach go hábhartha ag teacht leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn na hiniúchóireachta, nó más dealraitheach ar shlí eile go bhfuil míthuairisc ábhartha ann. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, cinnim go bhfuil míthuairisc i láthair maidir leis an eolas seo, tá sé de dhíth orm an t-eolas seo a thuairisciú.

#### Ag tuairisciú ar ghnóthaí eile

Déantar m'iniúchóireacht le tagairt do na machnaimh speisialta a cheanglaíonn do chomhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a n-oibriúchán. Tuairiscím má shainaithním ábhair ábhartha a bhaineann leis an mbealach a seoladh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi mhinicíocht na n-idirbheart airgeadais le linn na hiniúchóireachta. Tuairiscím má shainaithním aon chás ábhartha nár úsáideadh airgead poiblí chun na gcríoch a bhí beartaithe nó nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

## 4. RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM COINNITHE

**ARD-MHÚSAEM NA HÉIREANN**
**RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS AGUS CÚLCHISTE IONCAIM AR CHOINNEÁIL DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024**

| An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Ioncam** | | | |
| Ioncam ón Oireachtas | 2 | 24,135,910 | 27,341,946 |
| Brabús Comhlán ó Oibríochtaí Miondíola | 3 | 384,607 | 376,256 |
| Ioncam ónár nAcmhainní Féin | 4 | 206,509 | 184,808 |
| Ioncam Eile | 5 | 688,822 | 817,209 |
| **Ioncam Iomlán** | | **25,415,848** | **28,720,219** |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail | 14a | 9,631,296 | 8,830,244 |
| Costais Sochair Scoir | 15a | 3,624,204 | 3,447,067 |
| Costais Riaracháin eile | 6 | 2,568,210 | 3,147,759 |
| Costais éadála agus bainistiú agus taispeáint na mbailiúchán | 7.a | 5,175,122 | 3,890,550 |
| Costais maidir le reáchtáil Oibríochtaí Miondíola | 3 | 405,885 | 476,397 |
| Caiteachas ar Thionscadail Sonracha a Chur ar fáil | 7.b | 3,253,309 | 4,969,369 |
| Caiteachas - ár nAcmhainní Féin | 4 | 621,732 | 240,260 |
| Costais ar Thionscadail | | 374,511 | 539,905 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **25,654,269** | **25,541,551** |
| **Glanbharrachas/(Glaneasnamh) Oibriúcháin** | | **(238,421)** | **3,178 688** |
| Aistriú chuig an gCuntas Caipitil | 9 | 221,334 | (1,123,376) |
| **(Easnamh)/Barrachas don Bhliain** | | **(17,087)** | **2,055,292** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2024 | | 5,402,891 | 3,347,599 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2024** | | **5,385,804** | **5,402,891** |

Baineann gach ioncam agus caiteachas don bhliain le gníomhaíochtaí leantacha ar an dáta tuairiscithe.
Tá an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 22 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**Ar son an Bhoird:**

| | |
|---|---|
| Cathaoirleach an Bhoird | Comhalta Boird |
| An tOllamh Cathal O'Donoghue | Ciaran Byrne |
| | Dáta: 19 Meitheamh 2025 |

Dáta: 19 Meitheamh 2025

## 5. RÁITEAS FAOI IONCAM CUIMSITHEACH

**ARD-MHÚSAEM NA HÉIREANN**
**RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH DON**
**BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024**

| **Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach** | | **2024** | **2023** |
|---|---|---|---|
| **An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024** | | **€** | **€** |
| **(Easnamh)/Barrachas don bhliain** | | **(17,087)** | **2,055,292** |
| (Caillteanas)/gnóthachan achtúireach ar thaithí | | (1,360,000) | (2,765,000) |
| (Caillteanas)/gnóthachan achtúireach ar thoimhdí | | (1,095,000) | (729,000) |
| **(Caillteanas)/gnóthachan iomlán achtúireach sa bhliain** | **15d** | **(2,455,000)** | **(3,494,000)** |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha | | 2,455,000 | 3,494,000 |
| **Ioncam Cuimsitheach Eile don bhliain** | | **(17,087)** | **2,055,292** |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí 1 go 22.

**Thar ceann an bhoird:**

Cathaoirleach an Bhoird
An tOllamh Cathal
O'Donoghue

Dáta: 19 Meitheamh 2025

Comhalta Boird
Ciaran Byrne

Dáta: 19 Meitheamh 2025

## 6. RÁITEAS MAIDIR LEIS AN STAID AIRGEADAIS

**ARD-MHÚSAEM NA HÉIREANN**
**RÁITEAS MAIDIR LEIS AN STAID**
**AIRGEADAIS AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2024**

| **Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais** | | **2024** | **2023** |
|---|---|---|---|
| **An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024** | | **€** | **€** |
| **Sócmhainní nach sócmhainní reatha iad** | | | |
| Maoin, innealra & trealamh | 10 | 1,439,830 | 1,661,164 |
| | | **1,439,830** | **1,661,164** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Fardal Miondíola | 16 | 131,705 | 176,590 |
| Infháltais | 11 | 1,219,055 | 860,587 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | | 5,591,956 | 6,262,856 |
| | | 6,942,716 | **7,300,033** |
| **Creidiúnaithe:** Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin | | | |
| Suimeanna iníoctha | 12 | (1,556,912) | (1,837,142) |
| Ioncam Iarchurtha | 12 | - | (60,000) |
| | | **(1,556,912)** | **(1,897,142)** |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **5,385,804** | **5,402,891** |
| **Iomlán na Sócmhainní Lúide Dliteanais Reatha** | | **6,825,634** | **7,064,055** |
| **Sochair Scoir** | | | |
| Oibleagáidí sochair scoir | 15(d) | (66,949,396) | (61,900,396) |
| Sócmhainn iarchurtha um mhaoiniú sochair scoir | 15(b) | 66,949,396 | 61,900,396 |
| **Iomlán na nGlansócmhainní** | | **6,825,634** | **7,064,055** |
| **Arna Léiriú ag:** | | | |
| Cuntas Caipitil | 9 | 1,439,830 | 1,661,164 |
| Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | | 5,385,804 | 5,402,891 |
| | | **6,825,634** | **7,064,055** |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí 1 go 22.

Cathaoirleach an Bhoird
An tOllamh Cathal O'Donoghue

Dáta: 19 Meitheamh 2025

Comhalta Boird
Ciaran Byrne

Dáta: 19 Meitheamh 2025

## 7. RÁITEAS AR SHREAFAÍ AIRGEADAIS

**RÁITEAS AR SHREAFAÍ AIRGID THIRIM ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024**

**Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais**

| **An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024** | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| (Easnamh)/Barrachas Ioncaim thar Chaiteachas | (17,087) | 2,055,292 |
| Aistriú (chuig) / ó Chuntas Caipitil | (221,334) | 1,123,376 |
| Dímheas | 464,069 | 387,690 |
| (Méadú)/Laghdú ar Nithe Infhaighte | (358,468) | (401,817) |
| (Laghdú)/Méadú ar Shuimeanna Iníoctha | (340,230) | (2,542,154) |
| (Laghdú)/(Méadú) ar an bhFardal | 44,885 | 47,790 |
| Fíor Coigeartaithe do shlánú 2022 | - | (2) |
| **Glan-Insreabhadh Airgid/(Glan-Eis-sreabhadh) ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | (428,165) | 670,175 |
| | | |
| **Sreafa i Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí chun maoin, gléasra agus trealamh a fháil | (242,735) | (1,511,064) |
| Diúscairt Sócmhainní Seasta | - | - |
| Glanshreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta | (242,735) | (1,511,064) |
| Glanmhéadú/(Laghdú) ar Airgead Tirim agus ar Choibhéisí Airgid | (670,900) | (840,889) |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 Eanáir | 6,262,856 | 7,103,745 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 31 Nollaig | 5,591,956 | 6,262,856 |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí 1 go 22.

# 8. NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 8.1 Beartais Chuntasaíochta

### a. Eolas Ginearálta

**Bunú Ard-Mhúsaem na hÉireann**

Bunaíodh Ard-Mhúsaem na hÉireann mar chomhlacht neamhspleách ar an 3 Bealtaine 2005 faoi fhorálacha an Achta um Fhorais Chultúrtha Náisiúnta 1997 agus Bord agus Stiúrthóir (Príomhfheidhmeannach) i gceannas air.

**An Bord**

Tá an Bord comhdhéanta de chathaoirleach agus cúigear déag gnáthchomhalta. Is iad seo a leanas príomh-fheidhmeanna an Bhoird:

"*Bailiúchán réad oidhreachta an mhúsaeim a choinneáil, a bhainistiú, a rialú, a chosaint, a thaifeadadh, a mhéadú agus taighde a dhéanamh orthu ar mhaithe leis an bpobal agus chun eolas a mhéadú agus a scaipeadh laistigh agus lasmuigh den Stát ar shaol an duine in Éirinn, ar stair an dúlra in Éirinn agus ar cheangal na hÉireann leis na gnéithe sin i dtíortha eile*".

**An Stiúrthóir**

Is iad feidhmeanna an Stiúrthóra, mar atá leagtha amach faoi Alt 29 (3)(a) den Acht um Fhorais Chultúrtha Náisiúnta 1997, riarachán agus gnó Ard-Mhúsaem na hÉireann a bhainistiú agus a rialú agus cibé feidhmeanna eile a chomhlíonadh a d'fhéadfadh Bord an Mhúsaeim a cheapadh.

**Maoiniú**

Is í an príomhfhoinse maoinithe Ard-Mhúsaem na hÉireann ná deontas a fháil ón Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoi Alt 27 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997. Gineann Ard-Mhúsaem na hÉireann ioncam freisin ó roinnt gníomhaíochtaí tráchtála ar nós miondíol, cearta grianghrafadóireachta agus atáirgthe, saincheadúnais lónadóireachta, táillí ó fheidhmeanna corparáideacha agus síntiúis phoiblí agus urraíocht.

### b. Ráiteas um Chomhlíonadh

Aonán Sochair Phoiblí is ea Ard-Mhúsaem na hÉireann. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na reachtaíochta infheidhmithe, agus le FRS 102 an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa RA.

### c. Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe de réir Alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo i bhfeidhm go leanúnach ag déileáil le hábhair a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais.

### d. Sócmhainní agus Bailiúcháin Oidhreachta

Ní aithnítear bailiúcháin Ard-Mhúsaem na hÉireann a fhaightear trí cheannach nó mar thabhartas sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Creideann an Bord, mar gheall ar nádúr éagsúil na n-earraí atá in ár seilbh, líon na n-earraí agus easpa luachanna margaidh inchomparáide, nach féidir luachálacha cuimsitheacha margaidh a fháil ar chostas a bheadh ag teacht leis an tairbhe a bhainfeadh úsáideoirí na ráiteas airgeadais astu. Leagtar amach i Nóta 17 na nochtuithe a éilítear faoi FRS102 nuair nach ndéantar sócmhainní oidhreachta a chaipitliú.

Tá an chumhacht ag Bord Ard-Mhúsaem na hÉireann bailiúchán réad oidhreachta an mhúsaeim a mhéadú ar mhaithe leis an bpobal. Cuirtear caiteachas a thabhaítear maidir le ceannach sócmhainní oidhreachta de mhuirear ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe i mbliain na héadála.

### e. Maoin, gléasra agus trealamh

Taispeántar réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag costas lúide dímheas carntha.

Déantar réadmhaoin, gléasra agus trealamh faoi bhun na tairsí caipitlithe de €1,000 (seachas sócmhainní Teicneolaíocht Faisnéise a bhfuil tairseach €750 acu) a áireamh i gCuntas Ioncaim agus Caiteachais na bliana sin ina gceannaítear iad.

Gearrtar dímheas sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe, de réir méid chothroim, de réir na rátaí bliantúla atá leagtha amach thíos, chun costas na sócmhainní a dhíscríobh, arna choigeartú don luach iarmharach measta, thar thréimhse shaolré fhónta ionchais gach catagóire cuí.

| | |
|---|---|
| Trealamh | 20.00% |
| Teicneolaíocht Faisnéise | 33.33% |
| Córas Bainistíochta Airgeadais | 20.00% |
| Troscán | 10.00% |
| Sócmhainní a Bhaineann le Taispeántais | 20.00% |
| Mótarfheithiclí | 20.00% |

### f. Aithint Ioncaim

Tugtar cuntas ar dheontais ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ar bhonn fabhraithe agus is ionann iad agus deontais airgid infhaighte sa bhliain. Tugtar cuntas freisin ar ioncam eile ar bhonn fabhraithe.

### g. Siopaí miondíola

Tá Siopaí Miondíola á n-oibriú ag Ard-Mhúsaem na hÉireann. Déantar an fardal a luacháil ag baint úsáide as modh an mheánchostais.

### h. Cuntas Caipitil

Aistrítear deontais stáit a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach chuig an gCuntas Caipitil sa bhliain ina dtabhaítear an caiteachas agus cuirtear chun sochair iad don ioncam thar shaolréanna úsáideacha na sócmhainní gaolmhara. Léiríonn iarmhéid an Chuntais Caipitil na cistí gan amúchadh a úsáideadh chun Sócmhainní Seasta a fháil.

### i. Sochair Fostaithe

**i.(a)** Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar speansas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san fhigiúr Iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

**i.(b)** Sochair Scoir

De réir Alt 33 den Acht um Fhorais Chultúrtha Náisiúnta 1997, tá Scéim Aoisliúntais Foirne, ar a bhfuil Príomhscéim agus Scéim gaolmhar um Chéilí agus Leanaí, curtha faoi bhráid an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán lena gceadú ag an Aire agus le toiliú ag an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Is scéim sochair shainithe í Scéim Aoisliúntais Foirne Ard-Mhúsaem na hÉireann, a mhaoinítear go bliantúil as airgead a chuirtear ar fáil d’Ard-Mhúsaem na hÉireann, lena n-áirítear an leithdháileadh a fhaightear ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Áirítear le sochair aisce scoir agus pinsean bliantúil, aisce báis (Príomhscéim), agus pinsean céilí agus/nó cleithiúnaithe (más bainteach) má fhaigheann an comhalta bás roimh a c(h)éile (Scéim na gCéilí agus na Leanaí). Méadófar pinsin de ghnáth, faoi réir fhaomhadh an Aire, de réir na n-arduithe pá ábhartha a bhaineann le baill foirne ar seirbhís. Tá éifeacht le méaduithe pinsin dá leithéid ó dátaí na méaduithe pá.

Tá baill foirne nua-iontrálaithe, arna bhfostú ag Ard-Mhúsaem na hÉireann tar éis an 1 Eanáir 2013, ina gcomhaltaí den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair de réir Acht Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Gearrann Ard-Mhúsaem na hÉireann na hasbhaintí riachtanacha ó thuarastail na foirne atá sa scéim. Aistrítear ranníocaíochtaí fostaithe chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe ar bhonn míosúil de réir Acht Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin atá tuillte ag an bhfoireann sa tréimhse agus taispeántar iad glan ó asbhaintí pinsin foirne, nach bhfuil coinnithe ag Ard-Mhúsaem na hÉireann agus a chuirtear ar ais chuig an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Aithnítear méid atá comhionann leis an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid is gur féidir é a fháil ar ais ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, agus déantar é a fhritháireamh le deontais a fhaightear i rith na bliana chun íocaíochta pinsin a urscaoileadh.

Léirítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Léiríonn dliteanais pinsean luach reatha na n-íocaíochtaí pinsean sa todhchaí arna dtuilleamh ag baill foirne go dtí seo. Léiríonn maoiniú pinsean iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil amach anseo ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

### j. Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn dronlíneach thar thréimhse an léasa, ach amháin sa chás go bhfuil méaduithe cíosa nasctha leis an ráta boilscithe a bhfuiltear ag súil leis, agus sa chás sin aithnítear na harduithe seo nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaolré an léasa.

### k. Deontais Chaipitil

Caitear le deontais chaipitil mar ioncam iarchurtha agus scaoiltear iad chuig an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe ag na rátaí céanna agus a dhéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

### l. Forálacha

Déanann Ard-Mhúsaem na hÉireann forálacha maidir le hoibleagáidí dlíthiúla agus inchiallaithe, arb eol dó a bheith gan réiteach ag dáta deiridh na tréimhse. Go ginearálta bíonn na forálacha sin bunaithe ar fhaisnéis stairiúil nó ábhartha eile, arna choigeartú ó thaobh treochtaí le déanaí nuair is ábhartha. Mar sin féin, is meastacháin iad ar chostais airgeadais a bhainfidh le himeachtaí nach dtarlódh go ceann roinnt blianta. Mar gheall air seo agus leibhéal na héiginnteachta a bhaineann leis na torthaí, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh difríocht shuntasach idir an toradh iarbhír agus an toradh a mheastar.

### m. Breithiúnais agus Meastacháin

**(i)Oibleagáidí Sochair Scoir**

Déantar na toimhdí is bun leis na luachálacha achtúireacha trína gcinntear na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí ardaithe ar leibhéil cúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus rátaí treochta costas cúram sláinte) ar bhonn bliantúil bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha, agus ar aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iar-scoir. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas tionchar a bheith acu ag na toimhdí:

a) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin
b) leibhéil cúitimh sa todhchaí agus dálaí an mhargaidh saothair amach anseo.
c) treochtaí maidir le costas cúram sláinte, an ráta boilscithe i gcás costas leighis sna réigiúin ábhartha.

**(ii)Sócmhainní Oidhreachta**

Chinn an Bord nach mbeadh an costas a bhainfeadh le luacháil a fháil ar na sócmhainní oidhreachta go léir ar cóimhéid leis na buntáistí a gheofaí ó dhéanamh amhlaidh.

## 8.2 Ioncam ón Oireachtas

| **2. VÓTA 33 Gníomhaireachta** Státchiste: Fotheideal B10 | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Ioncam ón Oireachtas** | | |
| Deontas Reatha ón Oireachtas | 17,091,000 | 16,651,000 |
| Deontas Caipitil ón Oireachtas | 1,308,000 | 1,308,000 |
| Maoiniú iarchurtha do Phinsin | 2,594,085 | 2,606,383 |
| Ranníocaíochtaí Aoisliúntais na bhFostaithe a tarchuireadh chuig an Roinn | (412,796) | (360,933) |
| | **20,580,289** | **20,204,450** |
| **Deontais ón Oireachtas le haghaidh Cuspóirí Sonracha:** | | |
| Ionad Náisiúnta Taifid agus Cuimhneacháin | 707,000 | 707,000 |
| Sealbhúcháin i mBailiúcháin Náisiúnta | 162,257 | 1,500,000 |
| Éire ag Athrú - Taispeántas Éire sa 20ú hAois (2021-2024) | 1,211,763 | 2,348,105 |
| Forbairt Chaipitil sa Stair Náisiúnta (2022 - 2025) | 774,774 | 296,648 |
| Músaem na Seandálaíochta, Taispeántas St Gallen | 487,080 | - |
| Measúnú Straitéiseach an Ionaid Acmhainní Bailiúcháin | 61,500 | - |
| Músaem na Seandálaíochta, Leasúchán Uaimhe | 120,794 | - |
| Tionscadal Tionóil na nÓige | 30,453 | - |
| Aonad X-ghathach Roinn Caomhantais Ard-Mhúsaem na hÉireann | - | 17,872 |
| Pacáiste Tacaíochtaí Fuinnimh an Oireachtais | - | 2,267,871 |
| | **3,555,621** | **7,137,496** |
| **Ioncam Iomlán ón Oireachtas** | **24,135,910** | **27,341,946** |

Aithníodh €3,555,621 (2023: €7,137,496) mar ioncam a bhain le deontais Oireachtais do thionscadail ar leith sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain 2024.
Tabhaíodh caiteachas iomlán €3,253,309 (2023: €4,969,369) ar thionscadail arna maoiniú ag an Oireachtas. As sin, bhain an €173,830 le caiteachas ar shócmhainní seasta a bhí caipitlithe (2023: €1,165,073).
Féach nóta 7.b.

Sa bhliain 2024, bhain ceannacháin isteach i mBailiúcháin Náisiúnta le Ceannach uirlise ceoil ag ceant. Sa bhliain 2023, bhain ceannacháin le Bailiúchán déantán ón mbliain 1912-1916.

## 8.3 Ioncam & Caiteachas Miondíola

| **3. Ioncam & Caiteachas Miondíola** | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Díolacháin | 805,183 | 792,293 |
| Costas Díolachán | (420,576) | (416,037) |
| **Brabús Comhlán** | **384,607** | **376,256** |
| Tuarastail | (358,221) | (310,161) |
| Costais riaracháin | (47,664) | (166,236) |
| **Costais Iomlána** | **(405,885)** | **(476,397)** |
| **Glan(Chaillteanas)/Brabús don bhliain** | **(21,278)** | **(100,141)** |
| **Glan(Easnamh)/Barachas don bhliain** | **(21,278)** | **(100,141)** |

## 8.4 Ár nAcmhainní Féin

Léiríonn Ioncam ónár nAcmhainní Féin ioncam a ghintear trí shaoráidí Ard-Mhúsaem na hÉireann a ligean ar cíos le haghaidh ócáidí corparáideacha agus áirítear leis ioncam a ghintear ó na saincheadúnais lónadóireachta, scannánaíocht agus díol cearta grianghrafadóireachta agus macasamhla.

| **4 Ár nAcmhainní Féin** | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| **Ioncam ónár nAcmhainní Féin** | **€** | **€** |
| Fáilteachas Corparáideach | 9,547 | 103,800 |
| Lónadóireacht | 8,000 | - |
| Páirceáil Carranna | 26,242 | 32,534 |
| Cearta Grianghrafadóireachta agus Macasamhla | 10,967 | 10,194 |
| Ioncam ó Imeachtaí agus Turais Treoraithe | 132,003 | 29,000 |
| Ioncam ilghnéitheach | 19,750 | 9,280 |
| | **206,509** | **184,808** |
| **Caiteachas - ár nAcmhainní Féin** | | |
| Fógraíocht agus Margaíocht | - | (369) |
| Sainchomhairleoireacht | - | (5,912) |
| Foireann Shealadach – maoinithe ó acmhainní dílse | (114,002) | - |
| Costais Taispeántas - St Gallen agus Éire ag Athrú | (177,427) | - |
| Costais Tuarastail an Aonaid Oibríochtaí Tráchtála | (147,971) | (175,414) |
| Costais eile | (182,332) | (58,565) |
| **Caiteachas Iomlán** | **(621,732)** | **(240,260)** |
| **Glanacmhainní Féin (Caillteanas)** | **(415,223)** | **(55,452)** |

## 8.5 Ioncam Eile

| **5. Ioncam Eile** | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Ioncam tionscadail Séadchomharthaí Náisiúnta - Ábhair Tochailte ar Oidhreacht | 290,185 | 474,324 |
| Ioncam tionscadail Comhairle Oidhreachta na hÉireann Líonra Pobal na hÉireann | 99,972 | 94,091 |
| Ioncam tionscadail de chuid Fáilte Éireann “Digital That Delivers” | 51,795 | - |
| Urraíocht Taispeántais Leargas “Fighting Words” | 20,000 | - |
| Ús Taisce Tuillte | 65,230 | 68,319 |
| Deonacháin | 161,640 | 180,475 |
| | **688,822** | **817,209** |

Sa bhlian 2024, fuair Ard-Mhúsaem na hÉireann ioncam tionscadal eile de €441,952 (2023: €568,415) inar cuimsíodh tionscadal um Ábhair Thochailte Oidhreachta, tionscadal Ghréasán Cartlainne Pobail na hÉireann (iCAN) agus tionscadal Straitéise Digití agus urraíocht Taispeántais de €20,000.

## 8.6 Costais Riaracháin Eile

| **6. Costais Riaracháin eile** | **2024** <br> **€** | **2023** <br> **€** |
|---|---|---|
| Teicneolaíocht Faisnéise | 544,481 | 510,462 |
| Taisteal agus Liúntas Cothaithe | 135,482 | 129,362 |
| Costais an Bhoird | 4,200 | 6,677 |
| Foireann Comhairliúcháin & Conartha | 445,439 | 482,294 |
| Riarachán Ginearálta | 208,170 | 166,155 |
| Costais Oiliúna | 153,119 | 274,411 |
| Costais Acmhainní Daonna | 554,046 | 924,570 |
| Stáiseanóireacht agus Soláthairtí Oifige | 12,883 | 22,010 |
| Táillí Iniúchóireachta | 29,600 | 27,200 |
| Iniúchóireacht Inmheánach | 18,278 | 32,365 |
| (Laghdú)/Méadú ar Sholáthar i leith Éileamh | (48,542) | 129,002 |
| Muirear Dímheasa | 464,069 | 387,689 |
| Teileachumarsáid | 46,985 | 55,562 |
| | **2,568,210** | **3,147,759** |

## 8.7 Costais éadála, bainistíochta agus taispeána bailiúchán

| **7.a Costais a bhaineann le héadáil, bainistiú agus taispeáint bailiúchán** | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| **Caiteachas ar Sheirbhísí** | **€** | **€** |
| Tacaíocht do Thaispeántais | 311,825 | 782,782 |
| Margaíocht agus Fógraíocht | 267,311 | 309,438 |
| Fóntais – lena n-áirítear Téamh, Soilsiú agus Táillí Uisce | 1,173,927 | 1,483,040 |
| Slándáil | 946,390 | 817,330 |
| Cothabháil agus Glanadh | 522,204 | 305,162 |
| Postas agus Teileachumarsáid | 9,858 | 8,748 |
| Cláir Oideachais | 283,759 | 390,154 |
| Iompar agus Táillí Iompair | 20,140 | 22,952 |
| Grianghrafadóireacht: | 12,473 | 19,412 |
| Trealamh agus Soláthairtí Oifige | 10,602 | 9,629 |
| Cíos | 684,099 | 677,918 |
| Dearadh | 127,101 | - |
| Iúide: Ath-leithdháileadh costas ar thionscadail speisialta (Nóta 7.b) | - | (2,267,871) |
| | **4,369,689** | **2,558,694** |
| **Caiteachas ar Bhailiúcháin** | | |
| Imscrúduithe/Taighde | 21,277 | 55,171 |
| Leabharlann | 85,169 | 79,327 |
| Oibreacha Caomhnaithe | 11,685 | 23,494 |
| Foilseacháin Acadúla | 9,058 | 7,705 |
| Cartlanna/Doiciméadú | 470,826 | 620,084 |
| Soláthairtí um Chaomhnú | 23,482 | 48,840 |
| Stóráil | 138,437 | 139,101 |
| | **759,934** | **973,722** |

| | | |
|---|---|---|
| **Éadáil Déantán/Eiseamal** | | |
| Ceannach Déantán | 27,928 | 293,916 |
| Éadáil Déantán – Maoinithe | (25,719) | - |
| Luaíochtaí Aimsitheoirí | 22,765 | 50,370 |
| Ceannach Eiseamal | - | 3,490 |
| Costais Ilghnéitheacha | 20,525 | 10,358 |
| | **45,499** | **358,134** |
| **Costais iomlána a bhaineann le bailiúcháin a éadáil, a chaomhnú, a bhainistiú agus a thaispeáint** | **5,175,122** | **3,890,550** |

| **7.b Costais a bhain le Tionscadail Faoi Leith** | **2024**<br>**€** | **2023**<br>**€** |
|---|---|---|
| Éire ag Athrú - Taispeántas Éire sa 20ú hAois (2021-2024) | 1,456,112 | 736,739 |
| Sealbhúcháin i mBailiúcháin Náisiúnta | 187,976 | 1,685,559 |
| Forbairt Chaipitil sa Stair Náisiúnta (2022 - 2025) | 782,944 | 245,783 |
| Ionad Náisiúnta Taifid agus Cuimhneacháin | 122,351 | 14,517 |
| Meaisín X-ghathanna | - | 18,900 |
| Músaem na Seandálaíochta, Taispeántas St Gallen | 484,599 | - |
| Measúnú Straitéiseach an Ionaid Acmhainní Bailiúcháin | 61,500 | - |
| Músaem na Seandálaíochta, Leasúchán Uaimhe | 157,827 | - |
| Ath-leithdháileadh Costas Seirbhíse agus Bailiúchán ar thionscadail ar leith | - | 2,267,871 |
| **Caiteachas Iomlán an Tionscadail** | **3,253,309** | **4,969,369** |

## 8.8 Áitribh

**8. Áitribh**

Tá Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí freagrach as seirbhísí a sholáthar do thógáil agus do chothabháil na bhfoirgneamh (idir áitithe agus neamháitithe) atá ar léas nó faoi úinéireacht an Ard-Mhúsaeim. Ní áirítear fóntais leis seo. Íoctar na costais a bhíonn i gceist ón Vóta do Choimisinéirí na nOibreacha Poiblí. Cuirtear na háitribh seo a leanas ar fáil saor ó chíos don Mhúsaem.

- Ard-Mhúsaem na hÉireann - Na hEalaíona Maisiúla & Stair, Dún Uí Choileáin, Baile Átha Cliath 7.
- Ard-Mhúsaem na hÉireann - Seandálaíocht, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.
- Ard-Mhúsaem na hÉireann - Stair an Dúlra, Sráid Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.
- Ard-Mhúsaem na hÉireann - Saol na Tuaithe, Páirc Thurlaigh, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo.
- Áis stórála ag an iar-Scoil Thionsclaíoch sa Daingean, Co. Uíbh Fhailí.
- Áis stórála ag Sceach an Bhacaigh, Baile Átha Cliath 2.
- Áitreabh Cóireála Bailiúchán, Béal Átha Liag, Co. Ros Comáin. Tá an t-áitreabh seo á áitiú agus tá sé á soláthar saor ó chíos ag Bord na Móna .

Ina theannta sin, léasaíonn an Músaem áitribh in Ionad Acmhainní na mBailiúchán i Sord, Co. Bhaile Átha Cliath (féach Nóta 13).

## 8.9 Cuntas Caipitil

| 9. Cuntas Caipitil | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 1,661,164 | 537,788 |
| **Aistrigh ó/(chuig)** an Ráiteas Ioncam agus Caiteachais ⁊ Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | | |
| Chun ceannach réadmhaoine gléasra agus trealaimh a mhaoiniú | 242,735 | 1,511,064 |
| Amúchadh ar aon dul le dímheas sócmhainní | (464,069) | (387,690) |
| Méid faighte ó dhiúscairt réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | - | 2 |
| | **(221,334)** | **1,123,376** |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | **1,439,830** | **1,661,164** |

## 8.10 Maoin, Gléasra & Trealamh

### 10. Maoin, Gléasra & trealamh — 2024

| | Mótarfheithiclí | Trealamh | Teicneolaíocht Faisnéise | Troscán | Sócmhainní Taispeántais | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas nó Luacháil** | € | € | € | € | € | € |
| Iarmhéid Tosaigh | 158,648 | 3,036,599 | 2,208,339 | 561,046 | 4,714,676 | 10,679,308 |
| Breiseanna | - | 32,534 | 172,228 | 34,459 | 3,514 | 242,735 |
| Diúscairtí | - | (2,337) | (316,573) | - | (10,515) | (329,425) |
| Iarmhéid Deiridh | **158,648** | **3,066,796** | **2,063,994** | **595,505** | **4,707,675** | **10,592,618** |
| **Dímheas Carnach** | | | | | | |
| Iarmhéid Tosaigh | (2,644) | (2,702,875) | (2,065,799) | (501,247) | (3,745,579) | (9,018,144) |
| Muirear dímheasa don tréimhse | (31,730) | (97,915) | (98,622) | (8,734) | (227,068) | (464,069) |
| Diúscairtí | - | 2,337 | 316,573 | | 10,515 | 329,425 |
| Iarmhéid Deiridh | (34,374) | (2,798,453) | (1,847,848) | (509,981) | (3,962,132) | (9,152,788) |
| **Glanluachanna de réir na Leabhar** | | | | | | |
| **Ráitis Airgeadais Amhail an 31 Nollaig 2024** | **124,274** | **268,343** | **216,147** | **85,523** | **745,543** | **1,439,830** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023, Ráitis Airgeadais** | **156,004** | **333,724** | **142,540** | **59,799** | **969,097** | **1,661,164** |

Úsáideann Ard-Mhúsaem na hÉireann talamh agus foirgnimh, ar leis an Stát iad agus atá á gcothabháil saor in aisce ag Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí.

### Comparáidí na Bliana Roimhe — 2023

| | Mótarfheithiclí | Trealamh | Teicneolaíocht Faisnéise | Troscán | Sócmhainní Taispeántais | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas nó Luacháil** | € | € | € | € | € | € |
| Iarmhéid Tosaigh | - | 2,995,083 | 2,148,932 | 698,627 | 3,651,243 | 9,493,885 |
| Breiseanna | 158,648 | 156,642 | 95,830 | 36,511 | 1,063,433 | 1,511,064 |
| Diúscairtí | - | (115,126) | (36,423) | (174,092) | - | (325,641) |
| Iarmhéid Deiridh | 158,648 | 3,036,599 | 2,208,339 | 561,046 | 4,714,676 | 10,679,308 |
| **Dímheas Carnach** | | | | | | |
| Iarmhéid Tosaigh | - | (2,739,141) | (1,986,373) | (671,500) | (3,559,080) | (8,956,094) |
| Muirear dímheasa don tréimhse | (2,644) | (78,860) | (115,848) | (3,839) | (186,499) | (387,690) |
| Diúscairtí | - | 115,126 | 36,423 | 174,091 | - | 325,640 |
| Iarmhéid Deiridh | (2,644) | (2,702,875) | (2,065,799) | (501,247) | (3,745,579) | (9,018,144) |
| **Glanluachanna de réir na Leabhar** | | | | | | |
| Iarmhéid Deiridh amhail an 31 Nollaig 2023 | **156,004** | **333,724** | **142,540** | **59,799** | **969,097** | **1,661,164** |
| Ráitis Airgeadais Amhail an 31 Nollaig 2022 | **-** | **255,942** | **162,559** | **27,124** | **92,163** | **537,788** |

## 8.11 Infháltais

| **11. Infháltais** | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | € | € |
| Réamhíocaíochtaí | 1,191,363 | 806,069 |
| Rannóg na gCuntas Infhála | 13,841 | 37,305 |
| Scéimeanna Fostaithe (Pas Taistil srl.) | 13,851 | 17,213 |
| | **1,219,055** | **860,587** |

## 8.12 Nithe Iníoctha

| **12. Suimeanna iníoctha** | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| **Creidiúnaithe: Suimeanna a bheidh dlite laistigh de 1 bhliain** | **€** | **€** |
| Fabhruithe | 753,535 | 643,089 |
| Soláthar i leith Éileamh | 53,047 | 318,663 |
| Fabhrú Pá Saoire | 221,708 | 264,977 |
| CBL | 191,987 | 208,104 |
| Creidiúnaithe Trádála | 84,525 | 154,935 |
| **Asbhaintí Párolla:** | | |
| ÍMAT/ÁSPC | 252,111 | 247,374 |
| | **1,556,913** | **1,837,142** |

## 8.13 Ceangaltais Léasa

**13. Ceangaltais Léasa**

B'ionann glanchostais cíosa AMÉ sa bhliain 2024 agus €864,013 (2023: €855,562). Tá €1,031,599 de ghlantiomantais ag Ard-Mhúsaem na hÉireann atá iníoctha laistigh den dá mhí dhéag atá romhainn don Ionad Acmhainní do Bhailiúcháin i Sord, Co. Bhaile Átha Cliath.

Bhí sé beartaithe deireadh a chur leis an Léas reatha sa bhliain 2030, i mí Márta 2024, chuaigh OOP isteach i léas nua ar feadh téarma 20 bliain agus roinnt míonna ag dul in éag ar 31 Lúnasa 2044.

Is mar a leanas a bheidh iomlán na n-íocaíochtaí íosta amach anseo faoi léas oibriúcháin nach fhéidir a chur ar ceal:

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| **Ón 31 Nollaig 2024 Dliteanais Chíosa** | **€** | **€** |
| Tráth nach déanaí ná Bliain Amháin | 1,031,599 | 864,013 |
| Níos déanaí ná Bliain amháin ach gan a bheith níos déanaí ná Cúig Bliana | 5,157,997 | 5,157,997 |
| Níos déanaí ná Cúig Bliana | 14,098,525 | 15,130,125 |
| | **20,288,121** | **21,152,135** |

Soláthraíonn an tIonad Acmhainní do Bhailiúcháin i Sord, atá 195,000 Troigh Chearnach, Cuirtear ar fáil ag foligthe d'Oifig na nOibreacha Poiblí AMÉ fóirdheontas bliantúil de 35%

Tá na téarmaí athbhreithnithe cíosa arna bhfaomhadh ag Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí i mí Márta 2024 le fáil thíos.

| Tréimhse Tosaigh | Tréimhse Deiridh | OOP in aghaidh na Bliana | Oibleagáid cíosa AMÉ in aghaidh na Bliana* |
|---|---|---|---|
| 17 Meán Fómhair 2022 | 31 Lúnasa 2024 | € 1,316,250 | €855,562 |
| 01 Meán Fómhair 2024 | 31 Nollaig 2024 | € 1,355,250 | €880,913 |
| 01 Eanáir 2025 | 31 Meán Fómhair 2029 | € 1,587,076 | €1,031,599 |

*cuntais luacha do fóirdheontas bliantúil OOP
Athbhreithniú ar chíos ar an 1/9/29 agus eatraimh bhliantúla 5 bliana ina dhiaidh sin

8.14

## 14. Tuarastail

| | 2024 | | 2023 | |
|---|---|---|---|---|
| | Oibríochtaí Ard-Mhúsaem na hÉireann | Siopa an Mhúsaeim | Oibríochtaí Ard-Mhúsaem na hÉireann | Siopa an Mhúsaeim |
| | € | € | € | € |
| **a) Sochair Chomhiomlána Fostaithe** | | | | |
| Sochair ghearrthéarmacha foirne | 8,742,219 | 330,886 | 8,029,148 | 286,591 |
| Sochair Foirceanta | - | - | - | - |
| Ranníocaíocht an Fhostóra do Leas Sóisialach | 889,078 | 27,334 | 801,096 | 23,570 |
| | **9,631,296** | **358,220** | **8,830,244** | **310,161** |
| **b) Sochair ghearrthéarmacha foirne** | € | € | € | € |
| Pá Bunúsach | 8,452,562 | 319,332 | 7,742,823 | 276,542 |
| Ragobair | 82,315 | 7,455 | 80,686 | 5,729 |
| Liúntais | 207,342 | 4,099 | 205,639 | 4,320 |
| | **8,742,219** | **330,886** | **8,029,148** | **286,591** |
| **c) Sochair Foirceanta** | € | € | € | € |
| Sochair Foirceanta curtha de mhuirear ar an I&E | - | - | - | - |
| | - | - | - | - |

| Tuairisciú Foirne an Mhúsaeim | 2024 | CLA (Cóibhéis na bpostanna Lánaimseartha) | 2023 | CLA (Cóibhéis na bpostanna Lánaimseartha) |
|---|---|---|---|---|
| Baill Foirne an Mhúsaeim | 190 | 183.6 | 163 | 159.9 |
| Baill Foirne Miondíola agus Acmhainní Dílse an Mhúsaeim | 15 | 11.86 | 9 | 6.56 |
| **LÍON IOMLÁN NA mBALL FOIRNE** | 205 | | **172** | |

CLA - Coibhéis na bPostanna Lánaimseartha

**d) Príomhphearsanra an Lucht Bainistíochta**

Is iad seo a leanas príomh-phearsanra an lucht bainistíochta, Stiúrthóir an Mhúsaeim, Stiúrthóir Bailiúchán agus Rochtana agus Stiúrthóir Oibríochtaí. Leagtar amach thíos luach iomlán sochar fostaí le haghaidh phríomhphearsanra an lucht bainistíochta.

| **Príomhphearsanra an Lucht Bainistíochta** | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastal | 339,209 | 274,765 |
| Liúntais | 14,965 | 14,313 |
| | **354,174** | **289,078** |

Ní chuimsíonn sé sin luach na sochar scoir a thuilleadh sa tréimhse. Tá príomhphearsanra an lucht bainistíochta ina mbaill de scéim aoisliúntais na hearnála poiblí le sochar sainithe ach ní théann a dteidlíochtaí ina leith sin thar téarmaí scéim “eiseamláireach” na seirbhíse poiblí.

Tá príomhphearsanra an lucht bainistíochta ina mbaill de scéim aoisliúntais na hearnála poiblí le sochar sainithe ach ní théann a dteidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí scéim “eiseamláireach” na seirbhíse poiblí.

**e). Tuarastal agus Sochair an Stiúrthóra**

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Pá Bunúsach | 126,307 | 138,883 |
| Liúntas Dleachta Níos Airde | 14,965 | |
| Sochar Comhchineáil | - | - |
| | **141,272** | **138,883** |

Thabhaigh Stiúrthóir an Mhúsaeim na costais seo a leanas sa bhliain 2024

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Costais an Stiúrthóra** | 7,921 | 10,886 |
| | **7,921** | **10,886** |

## 8.15 Costais Sochair Scoir

**15. Costais Sochair Scoir**

a.) Anailís ar na costais sochair scoir go léir a cuireadh de mhuirear ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Costas Seirbhíse Reatha | 2,042,000 | 1,813,000 |
| Ús ar dhliteanais scéime sochair shainithe | 1,995,000 | 1,995,000 |
| Ranníocaíochtaí fostaithe | (412,796) | (360,933) |
| | **3,624,204** | **3,447,067** |

b.) Sócmhainn Maoinithe Iarchurtha do Phinsin

Aithníonn an Bord €66,949,396 (2023: € 61,900,396) mar shócmhainn a fhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamhchistithe i leith sochair scoir ar bhonn roinnt imeachtaí roimhe seo. Áirítear ar na himeachtaí seo an bonn reachtúil do bhunú na scéime sochair scoir, agus an beartas agus an cleachtas maidir le sochair scoir na seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag Ard-Mhúsaem na hÉireann nach leanfaidh an beartas maoinithe seo ar aghaidh ag íoc as méideanna dá leithéid de réir an chleachtais reatha.

c.) Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh sochar scoir

Is mar seo a leanas atá an glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh sochar scoir a aithníodh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe:

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Maoiniú atá in-aisghafa maidir le costais sochair scoir na bliana reatha | 4,037,000 | 3,808,000 |
| Deontas Stáit a úsáideaadh chun sochair scoir a íoc | (1,442,915) | (1,201,617) |
| | **2,594,085** | **2,606,383** |

Ba é an tsócmhainn maoinithe iarchurtha le haghaidh sochar scoir amhail an 31 Nollaig 2024 ná €66,949,396 (2023: €61,900,396)

d.) Gluaiseacht i nglanoibleagáidí sochair scoir le linn na bliana airgeadais

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Glan-oibleagáid sochair scoir amhail 1 Eanáir | (61,900,396) | (55,800,396) |
| Costas Seirbhíse Reatha | (2,042,000) | (1,813,000) |
| Costais Úis | (1,995,000) | (1,995,000) |
| (Caillteanas)/gnóthachan achtúireach ar thaithí | (1,360,000) | (2,765,000) |

| | | |
|---|---|---|
| (Caillteanas)/gnóthachan achtúireach ar thoimhdí | (1,095,000) | (729,000) |
| Pinsin íoctha i rith na bliana | 1,443,000 | 1,202,000 |
| | (66,949,396) | **(61,900,396)** |

e.) Cur Síos Ginearálta ar an Scéim

Is í an phríomhscéim pinsin atá i bhfeidhm ná socrú pinsin le sochar sainithe tuarastail deiridh le sochair agus ranníocaíochtaí sainithe trí thagairt a dhéanamh do rialacháin reatha "samhail" scéim na hearnála poiblí.

Soláthraíonn an scéim pinsean (aon ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin chéilí agus leanaí. Is í an Ghnáthaois Scoir ná 65ú breithlá ball, agus tá baill roimh 2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ó 60 bliain d'aois.

Méadófar pinsin de ghnáth, faoi réir fhaomhadh an Aire, de réir na n-arduithe pá ábhartha a bhaineann le baill foirne ar seirbhís. Tá éifeacht le méaduithe pinsin dá leithéid ó dátaí na méaduithe pá.

Leantar ag íoc sochar pinsin le baill foirne a chuaigh ar scor roimh an dáta ar bunaíoch í, an 3 Bealtaine 2005, ón vóta le haghaidh Aoisliúntais agus Liúntais Scoir.

De réir an Achta um Fhorais Chultúrtha Náisiúnta 1997, tá sochair phinsin maidir le baill foirne a chuaigh ar scor tar éis a dáta bunaithe, iníoctha ag Ard-Mhúsaem na hÉireann. Déantar foráil do na costais sin sna ráitis airgeadais seo.

Tá Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair i bhfeidhm i gcás fostaithe a chuaigh isteach san earnáil phoiblí tar éis an 1 Eanáir 2013.

Is Scéim Pinsin le Sochar Sainithe Meán-gairme í Scéim Pinsean Sochair Shainithe. Bunaítear sochair scoir go príomha ar chéatadán den tuilleamh inphinsin ar feadh shaol sa tseirbhís phoiblí mar bhall den Scéim.

I gcás gach tréimhse pá ina ndéantar ranníocaíochtaí leis an Scéim, tiomsaítear méid le haghaidh sochar scoir. Is iad iomlán na suimeanna seo ag am scoir, mar aon le roinnt coigeartuithe le haghaidh méaduithe ar bhoilsciú do na méideanna a tuilleadh níos luaithe sa ghairm, a chinntíonn cad iad na sochair scoir.

Is ionann an ghnáthaois scoir faoin Scéim agus an aois ar féidir le fostaithe an Pinsean Stáit Ranníocach a éileamh ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Is é 70 an aois uasta scoir d'fhostaithe atá ina mbaill den Scéim Pinsean Aonair.

Tá an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtaí an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS102) bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán ar an 12 Márta 2025 a rinne achtúire cáilithe, ag cur san áireamh riachtanais FRS chun dliteanais na scéime amhail an 31 Nollaig 2024 a mheas.

| **Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha:** | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| Ráta Lascaine | 3.30% | 3.15% |
| Ráta Méadaithe i dTuarastail | 4.00% | 3.75% |
| Ráta méadaithe i bpinsin atá á n-íoc | 4.00% | 3.25% |
| Ráta Boilscithe | 2.50% | 2.25% |

Tá sé de bhua ag an mbonn básmhaireachta ar glacadh leis gur féidir feabhsuithe a thagann ar ionchas saoil le himeacht aimsire a chur san áireamh. Léirítear sa tábla thíos ionchas saoil na mball sin a shroicheann 65 bliain d'aois sa bhliain 2024 agus sa bhliain 2044.

| **An Bhliain ina Shroicheann Siad 65 Bliain d'Aois** | **2024** | **2044** |
|---|---|---|
| Blianta ionchas saoil – fear | 22.2 | 24.4 |
| Blianta ionchas saoil – bean | 24.5 | 26.5 |

8.16 Fardal Miondíola

| **16. Fardal Miondíola** | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| Déantar stoic a luacháil trí mhodh an mheánchostais a úsáid. | **€** | **€** |
| Stoic Siopaí | 203,538 | 243,015 |
| Cúlchiste um Dhífheidhmeachta Stoic Siopaí | (71,833) | (66,425) |
| | **131,705** | **176,590** |

**8.17. Sócmhainní Oidhreachta**

**17. Sócmhainní Oidhreachta**

Mar atá leagtha amach i mBeartas Cuntasaíochta 1(d), níl luach bhailiúcháin an Mhúsaeim san áireamh sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Aithníonn an Músaem go bhfuil na sócmhainní oidhreachta faoi úinéireacht an Stáit faoi Alt 4 den Dublin Science and Art Museum Act 1877, agus gurb é an Músaem caomhnóir na sócmhainní oidhreachta sin faoi fhorálacha an Achta um Fhorais Chultúrtha Náisiúnta 1997.

**(a) Nádúr agus scála an bhailiúcháin**
**Déanann ceithre roinn ar leith bailiúchán an Ard-Mhúsaeim a choimeád:**

Rannóg Seaniarsmaí na hÉireann

Is é an Músaem an taisclann náisiúnta do sheaniarsmaí na hÉireann ón ré Mhéisiliteach go dtí deireadh na Meánaoise.

Bunaithe ar bhailiúcháin a chuir Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath agus Acadamh Ríoga na hÉireann le chéile ag deireadh an 18ú agus an 19ú haois, tá méadú mór tagtha ar na bailiúcháin seandálaíochta le 100 bliain anuas agus tá breis agus dhá mhilliún mír iontu anois. Tá an bailiúchán suntasach ó thaobh méide, éagsúlachta agus cáilíochta: aithnítear go bhfuil tábhacht idirnáisiúnta ag baint leis na réimsí éagsúla - an bailiúchán óir réamhstairiúil; miotalóireacht eaglasta agus ornáidí pearsanta ón luath-mheánaois; agus bailiúchán Bhaile Átha Cliath ó ré na Lochlannach.

Meastar faoi théarmaí Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 go 2004 gur leis an Stát na réada seandálaíochta a fhaightear in Éirinn – lena n-áirítear na cinn a fhaightear le linn tochailtí seandálaíochta. Tá an bailiúchán lárnach ag fás go tapa mar gheall ar fhionnachtain a dhéantar de sheans agus mar gheall ar thochailtí mórscála seandálaíochta.

Tá bailiúcháin shuntasacha de réada Clasaiceacha agus Éigipteacha ann chomh maith le bailiúchán beag de sheaniarsmaí Eorpacha. Cruinníodh bhailiúchán eitneagrafaíochta na Rannóige go príomha sa tréimhse idir 1760 agus 1914 agus léiríonn siad raon éagsúil cultúir. Áirítear leo ábhar ón bPolainéis, ón Mheilainéis, ón Mhicrinéis, ó Mheiriceá Thuaidh agus Theas, ó Iarthar agus Deisceart na hAfraice agus ó Dheisceart agus Oirthear na hÁise.

An Rannóg Ealaíne & Tionscail

Léiríonn bailiúcháin na Rannóige na healaíona maisiúla agus feidhmeacha Éireannacha (lena n-áirítear gloine, criadóireacht, troscán agus earraí airgid) chomh maith le stair eacnamaíoch, shóisialta, thionsclaíoch, pholaitiúil agus mhíleata na hÉireann le trí chéad bliain anuas. Tá méid suntasach ábhar sa Rannóg a léiríonn Éirí Amach na Cásca 1916 agus imeachtaí polaitiúla agus sóisialta ina dhiaidh sin. Tá bailiúcháin d'Ealaíona Maisiúla na hÉireann, na hEorpa agus an Oirthir ann freisin, a thugann léargas dúinn ar dhearadh agus ar chultúr idirnáisiúnta faoi mar a bhaineann siad le hÉirinn. Meastar go bhfuil 150,000 réad sna bailiúcháin Ealaíne & Tionscail.

Rannóg Shaol Dúchais na hÉireann

Léiríonn bailiúcháin na Rannóige saol traidisiúnta na hÉireann, agus béim ar leith acu ar shaol na tuaithe in Éirinn. Áirítear leo rudaí a bhaineann le talmhaíocht, iascaireacht agus seilg, éadaí, ailtireacht, troscán dúchasach, ceirdeanna agus ceardaíocht, iompar, spóirt agus fóillíocht, reiligiún, miotalóireacht bhaile agus ábhair a bhaineann le bia, gloine, criadóireacht, tuí, féar agus obair caoladóireachta, oideachas, ceol, nósanna na bliana agus gníomhaíocht tráchtála. Tá thart ar 35,000 réad ann.

Sa bhliain 2001, fuair Rannóg Saol dúchais na hÉireann ionad nua ag Teach Pháirc Thurlaigh lasmuigh de Chaisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo, nuair a osclaíodh Ard-Mhúsaem na hÉireann – Saol na Tuaithe.

Rannóg Stair an Dúlra
Tugann an Rannóg aire do bhailiúcháin an Stáit i ndisciplíní na zó-eolaíochta, feithideolaíochta agus geolaíochta. (Aistríodh bailiúcháin luibheolaíocha an Mhúsaeim go Garraithe Náisiúnta na Lus in 1970). Tá tuairim is dhá mhilliún eiseamal sna bailiúcháin. Is é an bailiúchán feithidí an ceann is mó de na bailiúcháin, ó thaobh uimhreacha de. Tá thart ar leath de na heiseamail go léir ann. Cuireadh na bailiúcháin sin le chéile thar dhá chéad bliain. Téann an músaem siar chomh fada le Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath (RDS) a thosaigh ag bailiú eiseamal san 18ú haois. Úsáideann an fhoireann agus cuairteoirí na bailiúcháin mar acmhainn tagartha, agus tá ról tábhachtach acu maidir le feithidí lotnaide a aithint a d'fhéadfadh an-tábhacht eacnamaíoch a bheith ag baint leo.

**(b) Beartas Ard-Mhúsaem na hÉireann maidir le héadálacha, bainistiú caomhnaithe agus diúscairt**
*Faoi théarmaí an Achta um Fhorais Chultúrtha Náisiúnta 1997* (Alt 11(1)) "Is iad príomhfheidhmeanna Bhord an Mhúsaeim an bailiúchán rudaí oidhreachta músaeim a chothabháil, a bhainistiú, a rialú, a chosaint, a shlánchoimeád, a thaifeadadh, a thaighde agus a mhéadú chun sochair don phobal agus eolas ar shaol an duine in Éirinn, ar stair an dúlra in Éirinn agus ar chaidreamh na hÉireann sna réimsí seo le tíortha eile a mhéadú agus a leathadh sa Stát agus lasmuigh de."

***Éadáil*** - Agus sainchúram náisiúnta Ard-Mhúsaem na hÉireann a chur san áireamh, go ginearálta bainfidh na réada a shealbhófar le ceann amháin nó le gach ceann díobh sin a leanas:
- Tábhacht náisiúnta a bheith ag baint leo.
- Go bhféadfaí iad a chur ar taispeáint.
- Go bhféadfadh siad a bheith úsáideach ó thaobh taighde agus oideachais.
- Gur dhéantán é a líonfaidh bearna sa bhailiúchán.

Ní bhfaighidh an músaem, cibé acu trí cheannach, bronntanas, tiomnacht nó malartú, aon ní nó eiseamal mura deimhin leis an gcomhlacht ceannais nó leis an oifigeach freagrach gur féidir leis an Músaem, thar ceann an Stáit, teideal bailí chun an réad i gceist a fháil, agus go háirithe nach bhfuarthas ina thír thionscnaimh é, nó ónár onnmhairíodh é (nó in aon tír idirmheánach ina bhféadfadh sé a bheith faoi úinéireacht dhlíthiúil) de shárú ar dhlíthe na tíre sin. (Chun críocha na míre sin áirítear Éire mar 'thír thionscnaimh'.) Déanfar gach éadáil a dhoiciméadú de réir dea-chleachtas músaem.

***Caomhnú*** - Tá beartas caomhnaithe an Mhúsaeim bunaithe ar mheascán de chaomhnú coisctheach agus leasúcháin, agus an dá cheann acu deartha chun caomhnú bhailiúcháin an Mhúsaeim a chinntiú. Ba cheart measúnuithe caomhantais a dhéanamh ar éadálacha féideartha sula ndéantar iad a fháil, a thabhairt ar iasacht nó a thaispeáint, agus ba cheart faireachán a dhéanamh ar bhail na réad agus na n-eiseamal sna bailiúcháin. Níor cheart bailiúcháin a choinneáil ach amháin i seomraí nó i bhfoirgnimh atá slán ó thaobh struchtúir de agus inar féidir coinníollacha comhshaoil oiriúnacha a choinneáil do na rudaí atá i gceist.

***Bainistíocht*** – Ón mbliain 2018 i leith, tá Tionscadal Fardail na mbailiúchán ar siúl chun tuairim agus ceithre mhilliún réad agus eiseamal a dhoiciméadú. Meastar go bhfuil 789,000 réad ann ar gá iontrálacha aonair fardail a scríobh fúthu. Déanfar bailiúcháin taighde níos mó a thaifead ina ngrúpaí. Is ionann sin agus thart ar 900,000 taifead réada. Sa bhliain 2024, bailíochtaíodh 21,137 taifead breise ar an iomlán, rud a fhágann go bhfuil 705,830 taifead bailíochtaithe ann ó thosaigh an tionscadal.

***Diúscairt*** - Sula bhféadfar réad a dhiúscairt ní mór a chinntiú nach bhfuil sé forshealbhaithe nó gur baineadh an stádas sin de. Is é an Bord a bheidh freagrach as cinneadh a dhéanamh chun eiseamal nó ar rud a dhiúscairt, cibé acu trí mhalartú, díol, bhronnadh nó scriosadh (i gcás go ndearnadh damáiste rómhór dó lena úsáid) ag gníomhú dó ar chomhairle an Stiúrthóra agus na mball gairmiúil foirne agus ní ar chomhairle choimeádaí an bhailiúcháin agus é nó í ag gníomhú ina aonar nó ina haonar.

Tá cuntas mar seo a leanas sa leasú ar *Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1994* san *Acht um Fhorais Chultúrtha Náisiúnta 1997* (Alt 68(2)) ar an nós imeachta diúscartha i gcás réad seandálaíochta ar maoin de chuid an Stáit é:

"Féadfaidh an Stiúrthóir, dá rogha féin, má mheasann sé nó sí nach leor leas seandálaíochta nó staire an réada lena choinneáil ag an Stát, gur féidir an réad a dhiúscairt ar cibé modh is cuí leis nó léi."

Ina theannta sin, forálann an t-alt céanna den Acht:
"I gcás ina dtagann réad seandálaíochta chun bheith ina maoin de chuid an Stáit agus gurb é tuairim an Stiúrthóra gurb ábhar spéise áitiúil seachas ábhar spéise náisiúnta den chuid is mó atá an réad, féadfaidh an Stiúrthóir an réad a chur faoi chúram iarsmalainne ainmnithe."

Deir sé freisin:
"Ní dhéanfar réad seandálaíochta a cuireadh faoi chúram músaem ainmnithe … a dhiúscairt ach amháin trína aistriú chuig músaem ainmnithe eile nó chuig Ard-Mhúsaem na hÉireann".

Cuirfear aon airgead a fhaigheann an músaem ó dhiúscairt réada i bhfeidhm chun réada a éadáil atá le cur leis na bailiúcháin ar mhaithe leis na bailiúcháin.

## 8.18 Soláthar i gcomhair Éileamh

**18. Soláthar i gcomhair Éileamh**

Taifeadtar sna ráitis airgeadais soláthar éileamh de €53,047 (2023: €318,663) ag deireadh na bliana i leith 1 éileamh (2023: 3 éileamh) a bhí á láimhseáil ag Gníomhaireacht um Éilimh an Stáit thar ceann Ard-Mhúsaem na hÉireann. De réir FRS 102 alt 21, nochtar na méideanna seo a leanas maidir leis an soláthar i gcomhair éileamh ag deireadh na bliana:

| | **2024** | **2023** |
|---|---:|---:|
| | **€** | **€** |
| Soláthar amhail an 1 Eanáir | 318,663 | 476,273 |
| Glanmhéadú/(laghdú) ar Sholáthar | (48,542) | (154,809) |
| Suimeanna Íoctha ag Ard-Mhúsaem na hÉireann | (217,074) | (2,801) |
| Soláthar amhail an 31 Nollaig | **53,047** | **318,663** |

## 8.19 Teagmhais

**19. Teagmhais**

Níl aon teagmhais a bhfuil socrú déanta ina leith sna Ráitis Airgeadais.

## 8.20 Imeachtaí i ndiaidh na tréimhse tuairiscithe

**20. Imeachtaí tar éis na tréimhse tuairiscithe**

Níl aon imeachtaí idir an dáta tuairiscithe agus dáta faofa na Ráiteas Airgeadais seo a éilíonn go ndéanfar coigeartú ar na Ráitis Airgeadais ná ar Thuarascáil an Bhoird.

## 8.21 Faisnéisiú Páirtithe Gaolmhara

**21. Faisnéisiú Páirtithe Gaolmhara**

Níl aon idirbhearta eile ann le páirtithe gaolmhara.
Is iad seo a leanas príomhphearsanra an lucht bainistíochta, an Stiúrthóir, Stiúrthóir na mBailiúchán agus Rochtana agus Stiúrthóir Oibríochtaí.

Ba é €354,174 (2023: €289,078) an cúiteamh iomlán a íocadh le príomhphearsanra an lucht bainistíochta.

Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta
Is ionann an tOifigeach Cuntasaíochta d'Ard-Mhúsaem na hÉireann agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

## 8.22 Na ráitis airgeadais a fhaomhadh

**22. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais**

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar an
Dáta: 19 Meitheamh 2025.